C/2025/4194

24.7.2025

Foilsiú iarratais ar ainm a chosaint de bhun Airteagal 97(4), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2025/4194)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

'Füred'

PDO-HU-03043

Dáta an iarratais: 29.11.2023

1. **Ainm le clárú**

Füred

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Olaszrizling hegybor*

Dath: Idir glasbhuí éadrom agus buí na tuí.

Dea-bholadh: Idir meándéine agus ard-déine, lena mbaineann bolaithe citris, úill ghlais, piorra agus bolaithe discréideacha aramatacha. Féadfar é sin a fhorlíonadh le spíosraí milse fíneálta agus le haosú i mbairillí.

Blas: Is saintréith de tathag meánach a mbaineann aigéadacht thirim, úr, briosc leis. D'fhéadfadh blasanna péitseoige, úill ghlais agus piorra teacht chun cinn, agus blasanna luibhe ag gabháil leo.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Ní fhéadfar ach na catagóirí tirim agus leath-thirim a ullmhú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,2 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Olaszrizling dúlős bor*

Dath: Idir buí éadrom agus buí na tuí.

Dea-bholadh: Is féidir dea-bholaithe mianraí fíneálta a fhorlíonadh le clochthorthaí (mar shampla péitseog, almóinn). Is é gnáthcharachtar mianrach an chineáil is mó atá le brath ar an dea-bholadh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh dea-bholaithe discréideacha úill ghlais, piorra agus cainche agus dea-bholaithe a bhaineann go sonrach le haosú i mbairillí a bheith air.

Blas: Aigéadacht úr, briosc agus blasanna mianracha trua, spíosracha, chomh maith le torthaí tiubhaithe aibí amhail péitseog, úll, piorra agus na blasanna goirt agus mianracha atá le brath sa dea-bholadh freisin. Iarbhlas meánach ar a laghad.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Ní fhéadfar ach na catagóirí tirime agus leath-thirime a ullmhú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,2 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Rozé hegybor*

Dath: Idir bándearg éadrom agus dath an bhradáin agus dath chraiceann an oinniúin.

Dea-bholadh: Déine idir measartha agus ard, d'fhéadfadh caora dearga, sútha craobh agus sútha talún a bheith le brath den chuid is mó sa dea-bholadh.

Blas: Tathag éadrom ar saintréith de aigéadacht úr ard. D'fhéadfadh blasanna na gcaor dearg, sútha talún agus sútha craobh, atá le brath sa dea-bholadh freisin, a bheith ceannasach.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Ní fhéadfar ach na catagóirí tirime agus leath-thirime a ullmhú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,2 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Kékfrankos hegybor*

Dath: Idir corcra measartha domhain agus dath an rúibín.

Dea-bholadh: Measartha dian, is iad caora dearga amhail sútha talún, sútha craobh agus sméara dubha is mó is saintréith de na dea-bholaithe, mar aon le ruainníní spíosra a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Blas: Is saintréith de tathag meánach agus tainniní meánacha míne, a mbaineann struchtúr aigéid úir, próifíl blais chomhchuí agus mhaothlach, úire cheannasach agus iarbhlas measartha leis.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Ní fhéadfar ach na catagóirí tirime agus leath-thirime a ullmhú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,8 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Kékfrankos dúlős bor*

Dath: Idir corcra measartha domhain agus dath an rúibín go dath an ghairnéid.

Dea-bholadh: Déine mheasartha, caora dearga den chuid is mó amhail silíní searbha, silíní agus sútha talún, agus d'fhéadfadh dea-bholaithe spíosracha spíosraí milse agus fiú dea-bholaithe mianracha a bheith air.

Blas: Measartha tathagach, úire agus beogacht atá measartha bríomhar agus aigéadach, comhlánaithe le tainniní meánacha agus uigeacht mhín. D'fhéadfadh blasanna caora dearga súmhara, sútha talún, silíní agus fraochán gorm teacht chun cinn, in éineacht le spíosraí milse ó bhairillí adhmaid b'fhéidir. Féadfar é sin a fhorlíonadh le rian mianrachta.

Comhlíonann na saintréithe anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Ní fhéadfar ach na catagóirí tirime agus leath-thirime a ullmhú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,8 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. ***Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha***

1. *Olaszrizling hegybor*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— níor cheart cion Furmint a bheith níos mó ná 15 %;

— ní fhéadfar ach fíonchaora sláintiúla a úsáid;

— aosú ar feadh 4 mhí ar a laghad in umar agus/nó i mbairille;

— aosú ar feadh 1 mhí amháin ar a laghad sa bhuidéal;

— féadfar an t-úrfhíon a ghléghlanadh trí shíothlú nó snámhacht;

— féadfar an t-úrfhíon a choipeadh go spontáineach nó gan ach giosta a úsáid nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais fíonta 'Olasz rizling'.

Cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe (lasmuigh den reachtaíocht atá ann cheana):

— milsiú

2. *Olaszrizling dűlős bor*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— níor cheart cion Furmint a bheith níos mó ná 15 %;

— ní fhéadfar ach fíonchaora sláintiúla a úsáid;

— aosú ar feadh 4 mhí ar a laghad in umar agus/nó i mbairille;

— aosú ar feadh 1 mhí amháin ar a laghad sa bhuidéal;

— féadfar an t-úrfhíon a ghléghlanadh trí shíothlú nó snámhacht;

— féadfar an t-úrfhíon a choipeadh go spontáineach nó gan ach giosta a úsáid nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais fíonta 'Olasz rizling'.

Cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe (lasmuigh den reachtaíocht atá ann cheana):

— milsiú;

— méid siúcra an úrfhíona a mhéadú.

3. *Rozé hegybor*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— níor cheart cion Zweigelt a bheith níos mó ná 30 %

Cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe (lasmuigh den reachtaíocht atá ann cheana): milsiú

4. *Kékfrankos hegybor, Kékfrankos dűlős bor*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Cleachtais fhíoneolaíocha neamhúdaraithe (lasmuigh den reachtaíocht atá ann cheana): milsiú

5. *Rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor*

Cleachtas saothraithe

Infheidhme maidir le gach cineál fíona:

1. An modh saothraithe: Treorú Guyot, treorú tródaim mheán-aird, treorú tródaim ísil, scáth-threorú, ceannthreorú agus cuachphrúnáil
2. Dlús plandaithe:
   a. maidir le fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2023: íosmhéid 3 300 fíniúin/ha, a mbaineann caillteanas fíniúnacha nach mó ná 10 % leis
   b. maidir le fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2023: íosmhéid 4 000 fíniúin/ha, a mbaineann caillteanas fíniúnacha nach mó ná 10 % leis. Spásáil idir fíniúnacha: 0.6 m nó níos mó
3. I gcás Dűlős bor, ní mór meánaois na bhfíniúnacha san fhíonghort a bheith 5 bliana ar a laghad, arna ríomh ó bhliain an phlandaithe.
4. Ceanglais a bhaineann le cáilíocht fíonchaor

Íosmhéid siúcra na bhfíonchaor (céimeanna MM) i gcás na gcineálacha éagsúla fíona.

— Olaszrizling hegybor: 18,2;

— Olaszrizling dűlős bor: 19;

— Rozé hegybor: 16.9;

— Kékfrankos hegybor: 19;

— Kékfrankos dűlős bor: 19.

Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor (% de réir toirte) i gcás na gcineálacha éagsúla fíona:

— Olaszrizling hegybor: 11,49;

— Olaszrizling dűlős bor: 12,08;

— Rozé hegybor: 10,52;

— Kékfrankos hegybor: 12,08;

— Kékfrankos dűlős bor: 12,08.

b. ***Uastáirgeacht***

1. ***Olaszrizling hegybor – fíon nua ar an moirt***
63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. ***Olaszrizling hegybor – uasmhéid 2 kg in aghaidh na fíniúna***
9 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. ***Olaszrizling dűlős bor – fíon nua ar an moirt***
39 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. ***Olaszrizling dűlős bor – uasmhéid 1,5 kg in aghaidh na fíniúna***
6 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. ***Rozé hegybor – fíon nua ar an moirt***
63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. ***Rozé hegybor – uasmhéid 2 kg in aghaidh na fíniúna***
9 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. ***Kékfrankos hegybor – fíon nua ar an moirt***
63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. ***Kékfrankos hegybor – uasmhéid 2 kg in aghaidh na fíniúna***
9 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

9. ***Kékfrankos dűlős bor – fíon nua ar an moirt***
39 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. ***Kékfrankos dűlős bor – uasmhéid 1,5 kg in aghaidh na fíniúna***
6 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Baineann na limistéir a aicmítear in aicme I agus aicme II de réir chlár talún an fhíonghoirt leis na bardais a leanas: Aszófő, Balatonakali, Balatonfüred, Balatonszőlős, Balatonudvari, Dörgicse, Mencshely, Örvényes, Pécsely, Vászoly.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Furmint - Furmint Bianco

Furmint - Moslavac Bijeli

Furmint - Posipel

Furmint - Som

Furmint - Szigeti

Furmint - Zapfner

Kékfrankos - Blauer Lemberger

Kékfrankos - Blauer Limberger

Kékfrankos - Blaufränkisch

Kékfrankos - Limberger

Kékfrankos - Moravka

Olasz Rizling - Grasevina

Olasz Rizling - Nemes Rizling

Olasz Rizling - Olaszrizling

Olasz Rizling - Riesling Italien

Olasz Rizling - Risling Vlassky

Olasz Rizling - Taljanska Grasevina

Olasz Rizling - Welschrieslig

Zweigelt - Blauer Zweigeltrebe

Zweigelt - Rotburger

Zweigelt - Zweigeltrebe

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *1. Tuairisc ar an limistéar críochaithe*

Tá nasc ag an ainm 'Füred' agus ag an ainmniúchán tionscnaimh le bardas Balatonfüred an lae inniu, is in 1211 a rinneadh an chéad tagairt don ainm.

a) *Tosca nádúrtha:*

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta na fíonghoirt timpeall Balatonfüred, Aszófő, Örvényes, Balatonudvari agus Balatonakali sa chéad chnocraon agus Balatonszőlős, Pécsely, Vászoly, Dörgicse agus Mencshely sa dara cnocraon ar chladach thuaidh abhantrach thoir Loch Balaton.

Is iad dromchlaí na mbunchnoc a bhfuil fána leo agus gruanna measartha géar na gcnoc na príomhlimistéir ina bhfástar fíonchaora.

Tá buncharraig na bhfíonghort comhdhéanta de charraigeacha de shaghas ardtalúin ón Tréimhse Peirmeach Uachtarach agus ón Tréimhse Thriasach Íochtarach, mar aon le brat spallaí ón Tréimhse Cheathartha. Tá cineálacha ithreach éagsúla sa limistéar, ach is ithreacha dolaimíte, aolchloiche agus foraoise ina bhfuil inláisteadh cré iad na cineálacha is coitianta. Ithir dhearg foraoise is ea ithir shaintréithiúil an réigiúin, a cruthaíodh trí shíonchaitheamh gaineamhchloch Pheirmeach atá lán le hocsaíd iarainn. Saintréith den réigiún fíonsaothrúcháin is ea ithreacha atá lán le cailciam, maignéisiam agus potaisiam.

Is é an t-aer fuar a thagann anuas ó ghleannta Chnoic Bakony ó thuaidh agus Loch Balaton ó dheas a shocraíonn an aeráid. Tá fíonghoirt an limistéir leabaithe i limistéir mhóra foraoise. Is é sin an fáth, ar laethanta an tsamhraidh, faoi thionchar leoithne a shéideann ó Bakony i dtreo an locha sa tráthnóna, a ghéilleann an teas bogthaise ó Loch Balaton d'aer foraoise fionnuar idir na fíniúnacha.

Bíonn idir 1 950 agus 2 000 uair an chloig de sholas na gréine in aghaidh na bliana ar an méan sa limistéar agus meánteocht bhliantúil 11-12 °C. Is é 650-700 mm an mheánfhrasaíocht bhliantúil, agus titeann 350 mm de sin ar an meán le linn an tséasúir fáis.

Gné ríthábhachtach d'aeráid an limistéir is ea gurb é an 5 Aibreán meándáta shioc deiridh an earraigh, dáta a mheastar a bheith thar a bheith luath.

b) *Tosca daonna*

Tá ról tábhachtach ag saothrú fíniúnacha agus ag fíonsaothrúchán i saol an limistéir le breis agus 2 200 bliain. Tá forbairt talún le haghaidh saothrú fíonchaor mar thoradh freisin ar iarracht dhaonna d'aon ghnó; ar feadh na mílaoiseanna, níor shaothraigh na fíonsaothraithe a bhfuil cónaí orthu ansin ach fíonchaora ar leicne cnoc atá cosanta ar shioc, a théann go tapa, seachas i limistéir ísle riasca ina mbíonn sioc agus galar níos minice.

Mar thoradh ar smaointeoireacht dhaonna d'aon ghnó, tá criosanna foraoise ann a scarann fíonghoirt aonair óna chéile, ar criosanna foraoise iad ina bhfuil raon ilchineálach fána. I dtéarmaí fíonsaothraithe, is suíomhanna criticiúla nádúrtha beathaithe geimhridh iad na criosanna foraoise sin le haghaidh príomhchreachadóirí.

Le blianta beaga anuas, d'fhorbair fíonsaothraithe íomhá nua don limistéar bunaithe ar na cineálacha geala a bhfuil tábhacht áitiúil ag baint leo, go háirithe Olasz Rizling, mar aon le cineálacha fíniúna goirme amhail Kékfrankos a úsáidtear chun na fíonta *rosé* agus dearga a dhéanamh. Le linn athnuachan fíonghort, déantar modhanna ardtreoraithe lena léirítear cur chuige atá dírithe ar chainníocht a thréigean de réir a chéile le haghaidh modhanna treoraithe ísil agus mheán-aird lena gcomhcheanglaítear traidisiúin áitiúla agus eolas fíonsaothrúcháin nua-aimseartha. Rinneadh na táirgeachtaí ceadaithe uasta a oiriúnú freisin chun freastal ar na ceanglais a bhaineann le táirgeadh fíona ar ardchaighdeán agus tá siad i bhfad níos déine anois ná na teorainneacha dlíthiúla.

Ó bhí 1987 ann, tá an teideal 'Cathair Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona' ag baile Balatonfüred, ar baile é a mhúnlaigh saol an réigiúin. Le blianta beaga anuas, bhí fíonta an réigiúin go mór chun tosaigh in go leor comórtas réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ceann de na haitheantais is tábhachtaí ar cháil agus ar cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear anseo is ea gur bhuaigh táirgeoir ó Balatonfüred an gradam 'Táirgeoir Fíona na Bliana' in 2000 agus 2022 araon.

8.2. *Tuairisc ar na fíonta*

Bíonn déine mheasartha ag baint leis na fíonta 'Füred' de ghnáth. Bíonn aigéadacht thirim, úr, bhriosc acu a threoraíonn an struchtúr. I bhfíonta geala, déantar blasanna citris a fhorlíonadh le torthaí aibí. I bhfíonta dearga, cumasctar tathag measartha agus tainniní míne le húire agus torthaíocht shúmhar. Baineann gnéithe mianracha spíosracha leis na fíonta go minic freisin.

De ghnáth bíonn dath níos éadroime ar na fíonta *rosé* agus dea-bholaithe agus blasanna caora dearga den chuid is mó amhail sútha craobh agus sútha talún. Is saintréith díobh úire, aigéadacht ard agus tathag éadrom.

8.3. *Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh*

Mar gheall ar an bhfrasaíocht le linn an tséasúir fáis agus toilleadh coinneála uisce na barrithreach i réigiún Balatonfüred-Csopak, is leordhóthanach an soláthar uisce chuig na fíniúnacha fiú ar laethanta teo an tsamhraidh. Ar an gcúis sin, bíonn forbairt na bhfíonchaor gan bhriseadh le linn thréimhse ríthábhachtach an tsamhraidh agus saor ó thosca struis, agus mar thoradh air sin ní bhíonn fuarbholaithe ná aigéid neamhaibí ghéara iontu.

Is mar gheall ar chion ard mianrach na hithreach an struchtúr aigéid aibí, léiritheach agus na blasanna mianracha tréana.

Carnann Olasz Rizling, a bhfuil tóir air i measc táirgeoirí áitiúla, cainníochtaí móra maignéisiam agus cailciam sna fíonta, agus tá Kékfrankos in ann feidhmiú mar amhábhar le haghaidh mórfhíonta a bhíonn ag aibiú le fada.

Is iad gathanna na gréine a fhrithchaitear ó dhromchla Loch éadomhain Balaton is cúis le téamh cothrom leicne na gcnoc sa chnocraon atá níos gaire don loch sa limistéar táirgeachta críochaithe san earrach agus a chuireann dálaí comhsheasmhacha ar fáil do na fíniúnacha le linn an bhachlaithe. Toisc go dtarlaíonn an lá deiridh seaca go luath sa séasúr, is lú seans go dtarlóidh sioc an earraigh sa réigiún; dá bhrí sin, bíonn fás péacán cothrom agus forbraíonn dromchla duilliúir mór go leor gach bliain, rud a fhágann go n-aibítear na fíonchaora ar an mbealach is fearr. Sa dara cnocraon níos fuaire forbraíonn fíonta a tháirgtear ansin níos moille, ach mar sin féin bíonn struchtúr aigéadach galánta agus torthaíocht acu.

Tá ról lárnach ag na criosanna foraoise atá suite in aice leis na fíonghoirt i saothrú fíonchaor, toisc go gcoinníonn na creachadóirí a chaitheann an geimhreadh iontu srian suntasach ar na lotnaidí (feithidí amhail fíneoga creachóireacha). Dá bhrí sin, ní bhíonn céim forbartha thosaigh ríthábhachtach na bhfíonchaor rófhada, rud a fhágann gur féidir le balla duilleog níos airde agus níos sláintiúla forbairt. Mar thoradh air sin, beidh luach intreach níos airde ag na fíonta.

Áirithítear leis an samhradh te agus le córas ardbhrú na Meánmhara, tar éis laethanta fada grianmhara an fhómhair, i dtráthnónta fionnuara arb iad na leoithní ó Chnoic Bakony is cúis leo, go dtéann an fhíniúin isteach go tapa i gcéim dhorcha na fótaisintéise, rud a fhágann go dtagann méadú tapa ar thiúchan siúcra fíonchaor. Cuireann an próiseas nádúrtha sin le hardluach intreach na bhfíonta freisin agus éascaíonn sé aibiú feanólach fíonchaor gorm, rud a thugann a dtainniní míne do na fíonta dearga freisin. Tá ról lárnach ag an leoithne fuaraithe ó Bakony freisin maidir le haigéadacht a choinneáil ar bun.

Ar na leicne cnoic ar a bhfástar fíonchaora, a roghnaíodh thar na céadta blianta, ciallaíonn gluaiseacht leanúnach an aeir agus treorú íseal na bhfíniúnacha go dtriomaíonn drúcht ar na triopaill fíonchaor go tapa, mar sin is annamh a bhíonn galair fhungasacha orthu agus is féidir fíonchaora sláintiúla a bhuain. Fágann sé sin gur féidir dea-bholaithe agus blasanna úra a choinneáil ar bun san fhíon fiú ag lánaibíocht, agus ní bhíonn aon bhlas botraíteasaithe air de ghnáth.

Déantar an meascán sin de thosca nádúrtha agus daonna a chomhcheangal leis an taithí a tugadh ar aghaidh leis na céadta blianta ó ghlúnta d'fhíonsaothraithe a raibh cónaí orthu sa cheantar. Chomh maith le traidisiúin a urramú, tá sé aitheanta ag an nglúin nua gur féidir na fíonchaora a tháirgtear i limistéir tháirgeachta an ATFC 'Füred' a úsáid ní hamháin chun fíonta aramatacha úra éadroma a tháirgeadh don tionscal tábhachtach turasóireachta áitiúil, ach freisin, le hiarracht chomhfhiosach, fíonta geala agus dearga marthanacha ar ardchaighdeán.

Idirdhealú idir ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Balatonfüred-Csopak' agus 'Füred': Is limistéar geografach níos lú é limistéar críochaithe 'Füred' laistigh de ATFC Balatonfüred-Csopak, áit nach mór fíon a tháirgeadh de réir ceanglais i bhfad níos déine ná mar atá i gcás ATFC Balatonfüred-Csopak. Ní fhéadfar fíonta geala an ATFC 'Füred' a dhéanamh ach amháin as na cineálacha Olaszrizling agus Furmint, fíonta dearga as na cineálacha Kékfrankos, agus fíonta rosé as na cineálacha Kékfrankos agus Zweigelt. I gcás an ATFC 'Füred', údaraítear níos lú modhanna saothraithe, bíonn rialacha níos déine i gceist maidir le rialú táirgeachta, agus bíonn méid siúcra na bhfíonchaor tráth na buainte níos airde ná mar a bhíonn i gcás an ATFC 'Balatonfüred-Csopak'. I gcás Olaszrizling hegybor agus dűlősbor 'Füred', ní mór an fíon a aosú in umair nó i mbairillí, agus sa bhuidéal i ndiaidh *délestage*. Ar an gcúis sin, tá an ATFC 'Füred' agus na cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe faoi réir ceanglais anailíseacha níos déine ná mar atá i gcás 'Balatonfüred-Csopak'. Is é an toradh a bhíonn air sin saintréithe orgánaileipteacha atá go hiomlán difriúil sa táirge deiridh.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) I gcás hegybor: Tá an focal 'Füred' le feiceáil ar leithligh agus go feiceálach ar an lipéad tosaigh agus ar an lipéad cúil. Féadfar ainm an bhardais mar aonad críochach níos lú a chur i gclómhéid níos lú ná Füred/Füredi.

b) I gcás dűlős bor: Tá ainm an fhána le feiceáil ar leithligh agus go feiceálach ar an lipéad tosaigh agus ar an lipéad cúil. Féadfar ainm an bhardais mar aonad críochach níos mó a chur i gclómhéid is lú ná ainm an fhána.

c) Féadfaidh an t-ainmniúchán 'Balaton borrégió' [réigiún fíona Balaton] a bheith ar an lipéad.

d) Féadfar an focal 'rosé' a chur in ionad an fhocail 'rozé'.

2. Rialacha maidir le haonaid gheografacha níos lú a chríochú agus a shonrú

a) Hegybor:

   (i) céannacht tionscnaimh: 100 %

   (ii) aonaid gheografacha is féidir a shonrú: Aszófő, Balatonakali, Balatonfüred, Balatonszőlős, Balatonudvari, Dörgicse, Mencshely, Örvényes, Pécsely, Vászoly

b) Dűlős bor:

   (i) céannacht tionscnaimh: 100 %

   (ii) aonaid gheografacha is féidir a shonrú:

      — Aszófő: Öreg-hegy, Vörös-mál

      — Balatonakali: Fenye-hegy, Hegytető, Kis-telek, Les-hegy, Magyal, Pántlika, Somogyi-völgy, Szili-dűlő

      — Balatonfüred: Baricska dűlő (Lapos-telek aldűlő, Balázs-hegy aldűlő, Berekszél aldűlő) Bocsár dűlő (Farkó-kő aldűlő), Meleg-hegy dűlő (Kéki aldűlő), Péter-hegy dűlő, Vörösmál dűlő

      — Balatonszőlős: Öreghegy, Gella, Sós-kút, Dobogó, Penke dűlő (Nyerges aldűlő), Száka

— Balatonudvari: Erdő alja, Les-hegy, Templom feletti, Öreg-hegy

— Dörgicse: Szent Balázs-hegy (Agyaglik aldűlő, Balázs alja aldűlő, Margya aldűlő), Apácska, Becce, Erdei, Hosszú-dűlő, Kútfői-dűlő, Les-hegy, Mocsár, Sajtó-telek, Sárkút

— Mencshely: Csemfa, Halom-hegy

— Örvényes: Hosszú-föld, Öreg-hegy, Szilvás-kúti, Szőlőföld

— Pécsely: Király-oldal, Kispécselyi, Nyáló-hegy (Meggy-hegy aldűlő, Vekenye aldűlő), Zádor-hegy (Bordoma aldűlő, Derékhegy aldűlő)

— Vászoly: Öreg-hegy, Szentegyházi

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgeachta críochaithe

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar próiseáil na bhfíonchaor, coipeadh an úrfhíona agus aosú an fhíona a dhéanamh ach amháin i mbardais atá suite laistigh den limistéar táirgeachta críochaithe agus sna bardais seo a leanas atá suite san aonad riaracháin céanna: Alsóörs, Balatonalmádi, Balatonfőkajár, Balatonkenese, Balatonvilágos, Csopak, Felsőörs, Lovas, Monoszló, Óbudavár, Paloznak, Szentantalfa, Szentbékkálla, Szentjakabfa, Tagyon, Tihany agus Zánka.

I gcás Olaszrizling hegybor agus dűlősbor, ní mór an fíon a aosú i mbuidéil. Dá bhrí sin, ní mór na fíonta sin a bhuidéalú sa limistéar geografach.

Téarma traidisiúnta faoi chosaint

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma traidisiúnta seo a leanas a úsáid mar chomhchiallach leis an téarma ‘ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint’: ‘védett eredetű bor’ [fíon de thionscnamh faoi chosaint]

Olaszrizling hegybor agus dűlősbor a bhuidéalú sa limistéar geografach

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás Olaszrizling hegybor agus dűlősbor, ní mór an fíon a aosú i mbuidéil. Dá bhrí sin, ní mór na fíonta sin a bhuidéalú sa limistéar geografach chun a saintréithe deiridh sainiúla a fháil.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/f/17/43000/F%C3%9CRED%20_TL_eredeti_COM1_KN.pdf